Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9179/22**

**COMPET 344**
**IND 176**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas) an 9 agus 10 Meitheamh 2022*<br>Athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha straitéiseacha na hEorpa a neartú<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht i ndáil le ‘Athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha straitéiseacha na hEorpa a neartú’ ag féachaint don díospóireacht bheartais sa Chomhairle Iomaíochais an 9 Meitheamh 2022.

**Athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha straitéiseacha na hEorpa a neartú**

*Díospóireacht bheartais*

**Nóta ón Uachtaránacht**

**Aghaidh a thabhairt ar ár spleáchas sa ghearrthéarma agus ár n-athléimneacht san fhadtéarma a neartú**

I ngeall ar líon na ngéarchéimeanna ar gá don Aontas aghaidh a thabhairt orthu, is gá obair na gcapall a dhéanamh chun athléimneacht gheilleagar na hEorpa agus na n-éiceachóras straitéiseach a neartú agus, ag an am céanna, réamh-mheas á dhéanamh ar éabhlóid na riachtanas atá againn chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme.

Le fogha na Rúise faoin Úcráin, cuirtear i bhfios go láidir an gá atá le gníomhaíocht chinntitheach ón Aontas ina leith, ós rud é go léirítear leis, gan trácht ar dhúshláin fuinnimh, leochaileachtaí i dtaca le soláthairtí áirithe dár gcuid. Baineann na leochaileachtaí sin go háirithe le hamhábhair amhail alúmanam, vanaidiam, tiúcháin áirithe tearc-chré nó, ina theannta sin pallaidiam, ar ionchuir ríthábhachtacha iad d’éiceachórais thionsclaíocha éagsúla san Eoraip, ach freisin gáis neamhchoitianta amhail neon, a úsáidtear i monarú leathsheoltóirí agus dá dtagann 70 % den táirgeadh domhanda ón Úcráin.

Chuir na Ceannairí Stáit agus Rialtais na saincheisteanna sin i gcroílár obair an Aontais i nDearbhú Versailles an 11 Márta 2022. Sna conclúidí uaithi an 25 Márta 2022[1], d'iarr an Chomhairle Eorpach '[go ndéanfaí] bonn eacnamaíoch níos oscailte láidre a leagan síos, go háirithe tríd ár spleáchais straitéiseacha a laghdú sna réimsí is íogaire, amhail amhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí, sláinte, an earnáil dhigiteach agus bia, agus trí bheartas trádála uaillmhianach stóinsithe a shaothrú, agus an infheistíocht a chothú' agus deireadh a chur 'de réir a chéile le [...] spleáchas [an Aontais] ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis a luaithe is féidir, mar atá leagtha amach i nDearbhú Versailles'. I gcomhréir leis an bplé a rinneadh cheana le linn na nUachtaránachtaí roimhe seo agus le linn an tseimeastair seo, tá sé ríthábhachtach go mbeidh ról tábhachtach ag an gComhairle Iomaíochais maidir le treoirlínte na Comhairle Eorpaí a chur chun feidhme.

Seoladh obair thábhachtach ó thús na géarchéime sláinte i mí an Mhárta 2020 maidir le saincheist na spleáchas straitéiseach Eorpach agus a n-iarmhairtí ar na héiceachórais thionsclaíocha, atá méadaithe mar gheall ar na géarchéimeanna reatha eacnamaíocha, geopholaitiúla agus soláthair. Go háirithe, mhol an Coimisiún Eorpach gníomhaíochtaí éagsúla sa straitéis thionsclaíoch a thíolaic sé i mí an Mhárta 2020[2] agus sa nuashonrú a rinneadh uirthi i mí na Bealtaine 2021[3]. Tá an méid seo uile ina chuid den iarracht sin: plean téarnaimh *NextGenEU* a seoladh i samhradh na bliana 2020, an t-athbhreithniú ar an mbeartas trádála a tugadh isteach i mí Feabhra 2021[4], an dlús le claochlú inbhuanaithe na tionsclaíochta leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55'[5] nó, ina theannta sin, spriocanna digiteacha a thabhairt isteach, tríd an Teachtaireacht maidir leis an Deacáid Dhigiteach, spriocanna atá le baint amach faoi 2030[6].

---

[1] EUCO 1/22
[2] 6782/20
[3] 8553/21
[4] 6308/21
[5] 10849/21
[6] 6974/21

Ar deireadh, d’fhorbair an tAontas a anailís leochaileachta tar éis don Chomhairle Eorpach a iarraidh air déanamh amhlaidh[7]. Rinne an Coimisiún anailís ar spleáchais straitéiseacha Eorpacha a thíolacadh i mí na Bealtaine 2021 agus nuashonraigh sé é i mí Feabhra 2022[8].

Dá bhrí sin, tá bunús ag an Aontas Eorpach le machnamh fíorasach a dhéanamh chun a ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus rialála a bhunú ar bhealach spriocdhírithe comhréireach.

Leis an obair sa Chomhairle nó i gcruinnithe neamhfhoirmiúla a eagraíodh faoin Uachtaránacht reatha, tá tús curtha leis na tosaíochtaí sin a thiontú ina gcuspóirí soiléire, uaillmhianacha réadúla atá le baint amach faoi 2030 sna héiceachórais straitéiseacha thionsclaíocha. Tá sprioc shoiléir leagtha síos sa Deacáid Dhigiteach maidir le leathsheoltóirí, tá tionscnaimh ar bun in earnáil na sláinte, san earnáil dhigiteach agus in earnáil an agraibhia agus tá plean uaillmhianach molta ag an gCoimisiún maidir le fuinneamh sa Teachtaireacht RePowerEU uaidh. Chun a chuspóirí Eorpacha a bhaint amach, is gá meastóireacht a dhéanamh ar na riachtanais infheistíochta gaolmhaire poiblí agus príobháidí agus na coigeartuithe is gá ar an gcreat rialála a shainaithint d’fhonn dreasachtaí leordhóthanacha a chruthú do na hinfheistíochtaí. Caithfidh na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach san iarracht seo.

Chun an obair sin a dhéanamh, tá gá freisin le cur chuige níos leithne, lena gcomhtháthófar inár soláthairtí na gnéithe éagsúla den mhargadh inmheánach agus dá dhoimhniú, ráthú na luachanna Eorpacha sóisialta, aeráide agus comhshaoil, dúshláin na hiomaíochta córa agus forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha le réigiúin eile ar domhan.

[7] EUCO 13/20
[8] 6506/22

**Dearbhú Versailles a chur chun feidhme: cás na n-amhábhar criticiúil**

Tá staid an Aontais an-leochaileach maidir lenár soláthairtí amhábhar: in 2021, tháirgeamar níos lú ná 2 % de na hamhábhair a bhí ag teastáil le haghaidh táirgí amhail cadhnraí, tuirbíní gaoithe nó an róbataic, de réir na chéad anailíse a rinneadh ar na spleáchais straitéiseacha Eorpacha. Is iad amhábhair, áfach, a theastaíonn ó fhormhór éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa. Dá bhrí sin, bíonn na spleáchais straitéiseacha sin ann in earnálacha eile atá tábhachtach do gheilleagar na hEorpa, amhail tionscal na mótarfheithiclí agus an tionscal leictreonaic.

Tá gníomhaíocht déanta ag an gCoimisiún Eorpach cheana féin sa réimse seo, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta maidir le hAmhábhair a sheoladh i Meán Fómhair 2020 agus Comhghuaillíocht Eorpach Amhábhar (ERMA) a chruthú. Sa chomhghuaillíocht sin, sainaithníodh 28 dtionscadal fothaithe acmhainneachta mianadóireachta, scagtha agus athchúrsála, a bhfuil infheistíocht iomlán de EUR 12 bhilliún ag gabháil leo. D’fhógair sé níos luaithe i mbliana seoladh ciste infheistíochta poiblí/príobháidí EUR 400 milliún in amhábhair na gcadhnraí feithiclí leictreacha.

I gcomhréir leis an obair a dhéantar sa Chomhairle, d‘fhéadfaí cuspóir trasearnálach faoi 2030, do gach ceann den 30 amhábhar a shainaithin an Coimisiún mar bhunábhar, a bheartú i dteannta a chéile, a d’fhéadfadh tairseach íosta a chumhdach, mar shampla 30 %, dár riachtanais trí tháirgeadh príomhúil agus tánaisteach intíre ar thaobh amháin, agus cuspóir chun dul i ngleic lenár spleáchas ar fhoinsí seachtracha aonair soláthair ar an taobh eile chun iad a eastóscadh agus/nó a scagadh.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór don Aontas dul níos faide agus na hionstraimí uile atá ar fáil dó a úsáid, agus infheistiú á dhéanamh aige go comhpháirteach sa mhéid seo a leanas: (i) forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht chun amhábhair Eorpacha a eastóscadh agus a phróiseáil, go háirithe trí na tionscadail arna sainaithint ag ERMA, (ii) tacú le réitigh an gheilleagair chiorclaigh, na hathchúrsála, an ionadaithe agus na nuálaíochta, (iii) soláthairtí lasmuigh den Eoraip a áirithiú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus infheistíochtaí thar lear a thabhairt i gcrích, (iv) na luachanna comhshaoil a urramú maidir leis an eastóscadh áitiúil agus maidir le hallmhairithe.

Sa Teachtaireacht uaidh, REPowerEU, a foilsíodh an 18 Bealtaine 2022, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé i mbun oibre ar thogra reachtach maidir le hamhábhair, arb é is aidhm dó slabhra luacha na hEorpa a neartú trí acmhainní nádúrtha a shainaithint, tionscadail forbartha agus eastóscadh amhábhar, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh á n-áirithiú ag an am céanna.

**Ceisteanna le plé**

I bhfianaise na ngnéithe sin, iarrtar ar na hairí seasamh a ghlacadh maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

– *Cad iad na gníomhaíochtaí tosaíochta atá le cur chun feidhme chun leanúint le hobair Dhearbhú Versailles agus chun spriocanna nithiúla Eorpacha a leagan síos maidir le táirgeadh agus laghdú ár gcuid spleáchais sna sé cinn d'earnálacha straitéiseacha?*

– *I bhfianaise an fhógra maidir le tionscnamh rialála atá le teacht maidir le hamhábhair, agus an méadú atá tagtha ar an ngá atá againn an dá aistriú a chur chun feidhme, cad iad na beartais ar mhaith leat tacú leo chun an táirgeadh príomhúil agus tánaisteach a fhorbairt san Eoraip agus chun athléimneacht ár soláthairtí d'amhábhair chriticiúla lasmuigh den Eoraip a neartú?*